Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14741/21**

**AGRI 611**
**AGRIFIN 153**
**AGRIORG 142**
**FOOD 60**
**DENLEG 98**
**PECHE 473**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13761/21 + ADD 1-3 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean teagmhasach chun soláthar bia agus an tslándáil bia a áirithiú tráth géarchéime<br>- *Formheas* |

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, tá dréachtchonclúidí maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a comhaontaíodh iad laistigh den Choiste Speisialta um Thalmhaíocht an 6 Nollaig 2021, d'fhonn iad a fhormheas ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle 'Talmhaíochta agus Iascaigh' an 12 agus an 13 Nollaig 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean teagmhasach chun soláthar bia agus an tslándáil bia a áirithiú tráth géarchéime**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas**

**Á MHEABHRÚ DI**:

- cuspóirí chonarthaí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) agus an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) atá ábhartha maidir le soláthar bia agus slándáil bia;

- tuarascáil maidir leis an Réamhbhreathnaitheacht Straitéiseach 2020 ón gCoimisiún, inar díríodh ar an athléimneacht;

- an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', inar dhíol sásaimh don Chomhairle rún an Choimisiúin plean teagmhasach a fhorbairt, arna cheapadh chun soláthar bia agus an tslándáil bia a áirithiú tráth géarchéime;

- Na Conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021[1] maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, lena ndírítear ar fhreagairt chomhchoiteann an Aontais ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a threisiú trí fheabhas a chur go háirithe ar bhainistiú trasteorann agus trasearnálach géarchéime, agus á chur i dtábhacht gur cheart bearta a bhaineann le géarchéimeanna a bheith sealadach comhréireach agus comhordaithe go hiomlán, agus é mar chuspóir leo gnáthfheidhmiú an mhargaidh aonair a atosú a luaithe is féidir.

1. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** an ról straitéiseach atá ag earnálacha talmhaíochta, iascaigh, dobharshaothraithe agus bia an Aontais chun soláthar bia atá sábháilte cothaitheach inacmhainne inbhuanaithe a áirithiú do dhaoine i gcónaí, lena n-áirítear tráth géarchéime, agus a thábhachtaí atá an Margadh Aonair i ndáil leis sin trí shaorchúrsaíocht earraí, daoine, ainmhithe beo, seirbhísí agus caipitil a áirithiú.

[1] 13780/21

2. **ADMHAÍONN SÍ** go bhfuil méadú ag teacht ar an tionchar a bhíonn ag neamhchinnteacht agus ag luaineacht i bpraghsanna agus i soláthar, a eascraíonn go háirithe as an athrú aeráide agus as eachtraí adhaimsire gaolmhara, as díghrádú comhshaoil, saincheisteanna maidir le sláinte plandaí agus sláinte ainmhithe, agus infhaighteacht agus inacmhainneacht na bpríomhionchur (i.e. beatha agus breiseáin beatha, leasacháin, fuinneamh, saothar, etc.) agus rioscaí lasmuigh de na córais bhia, ar an acmhainneacht táirgthe agus dáilte bia tríd an slabhra soláthair bia.

3. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** go bhfuil a athléimneacht agus a dhea-fheidhmiú cruthaithe ag córas bia an Aontais sa phaindéim Covid, in ainneoin fadhbanna a bhí ag roinnt earnálacha mar thoradh ar bhearta a bhaineann le sláinte, fadhbanna gearrthéarmacha a dhéanann difear do ghluaiseacht daoine agus earraí, lena n-áirítear ionchuir talmhaíochta agus ábhar pacáistíochta, agus dúnadh seirbhísí bia.

4. **ADMHAÍONN SÍ** gur tugadh aghaidh ar na deacrachtaí tosaigh is práinní le gníomhaíochtaí gasta comhordaithe ar leibhéal an Aontais, amhail lánaí glasa, soghluaisteacht oibrithe trasteorann agus séasúracha, tacaíocht bhreise ón Aontas, rialacha coigeartaithe maidir le státchabhair, sreabha trádála oscailte, trédhearcacht agus cumarsáid. **AITHNÍONN SÍ**, áfach, go bhfuil réimsí le feabhsú léirithe ag an bpaindéim Covid, réimsí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu chun athléimneacht na hearnála bia a fheabhsú tuilleadh agus chun cur chuige comhtháite a cheadú, ar leibhéal an Aontais agus i gcomhar le tríú tíortha araon.

5. **AONTAÍONN SÍ** go bhfuil comhordú agus comhar trasearnála agus trasteorann feabhsaithe ar leibhéal an Aontais riachtanach chun freagairt go héifeachtach ar ghéarchéimeanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le soláthar bia agus slándáil bia agus **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur gá inniúlachtaí náisiúnta agus inniúlachtaí an Aontais a urramú agus cur le sásraí iomchuí an Aontais atá ann cheana, gan dúbailt ná forluí.

6. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bplean teagmhasach chun soláthar bia agus an tslándáil bia a áirithiú tráth géarchéime, lena ndírítear ar ullmhacht agus lena ndírítear ar easnaimh a shainaithint agus ar bhainistiú géarchéime a fheabhsú.

7. **AONTAÍONN SÍ** go n-áirítear i gcreat beartais an Aontais atá ann cheana féin a bhaineann le soláthar bia, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas Iascaigh, réimse leathan beart atá dírithe ar athléimneacht earnáil an bhia a mhéadú trí fhreagairtí éifeachtacha tráthúla a thabhairt ar chásanna géarchéime, **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** nár athbhreithníodh bearta CBT chun freagairt ar ghéarchéimeanna san athchóiriú deireanach, agus **AITHNÍONN SÍ** na sásraí coisctheacha agus géarchéime atá bunaithe ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear cur chuige deonach maidir le cúlchistí straitéiseacha i roinnt Ballstát.

8. **TAGANN SÍ LEIS AN TUAIRIM** gur cheart do ghníomhaíochtaí breise ar leibhéal an Aontais cur leis na hionstraimí beartais sin, agus **AONTAÍONN SÍ** gur cheart, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, díriú ar chomhordú a mhéadú agus ar phleanáil theagmhasach maidir le hullmhacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí shamplaí de dhea-chleachtais atá ann ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach a mhalartú.

9. I ndáil leis sin, **TACAÍONN SÍ** leis an rún atá ag an gCoimisiún sásra buan ullmhachta agus freagartha a bhunú i gcás Géarchéim Eorpach i ndáil le Slándáil Bia (EFSCM) ina mbeidh údaráis phoiblí ó na Ballstáit rannpháirteach, san fhoirm iomchuí a bheidh le cinneadh, ó na tríú tíortha sin a bhfuil a slabhra soláthair bia comhtháite leis an Aontas, mar aon le geallsealbhóirí a dhéanann ionadaíocht ar gach céim den bhiashlabhra agus ar na hearnálacha a thacaíonn le feidhmiú an tslabhra agus tionscail a sholáthraíonn ionchuir nó earraí agus ábhair éagsúla atá riachtanach i dtáirgeadh bia.

10. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** gur cheart prionsabal na coimhdeachta agus sainiúlachtaí na mBallstát a chur san áireamh agus pleanáil theagmhasach á heagrú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear údarás aonair amháin a ainmniú in aghaidh an Bhallstáit chun críocha comhordaithe agus teagmhála agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá ualach méadaithe riaracháin a sheachaint.

11. **AONTAÍONN SÍ** go ndéanfaidh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe, a bunaíodh faoi EFSCM, a thionóil go rialta agus chun EFSCM a ghníomhachtú láithreach, agus chomh minic agus is gá, i gcás géarchéime ina gcuirtear soláthar bia agus slándáil bia san Aontas i mbaol.

12. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil rún ag an gCoimisiún staidéar a dhéanamh chun na rioscaí, leochaileachtaí agus an bonneagar criticiúil a bhaineann le slabhra an tsoláthair bia a athbhreithniú, lena n-áirítear maidir le tráchtearraí nó amhábhair i gcás ina mbraitheann an tAontas ar líon teoranta foinsí nó i gcás ina bhfuil táirgeadh an Aontais fíor-neamhleor, agus rialacháin slándála náisiúnta na mBallstát á n-urramú, agus a áirithiú go ndéileálfar go hiomchuí le faisnéis íogair nó rúnda.

13. **AONTAÍONN SÍ** gur gá machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus na leochaileachtaí a shainaithnítear, lena n-áirítear saincheisteanna struchtúracha lena gcuirtear slabhraí soláthair bia i mbaol, amhail na cinn sin a eascraíonn as an athrú aeráide agus nochtadh sonrach na dtáirgeoirí príomhúla, nó chun na rioscaí agus na leochaileachtaí sin a mhaolú. Ba cheart cás ar leith na dtíortha is leochailí do shuaitheadh le linn géarchéime, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí[2], limistéir iargúlta nó sléibhtiúla, oileáin agus stáit oileánacha, a chur san áireamh.

14. **AITHNÍONN SÍ** gur cheart a mheas go gcomhlánófaí an fhaireachlann margaidh atá ann cheana le haghaidh margaí talmhaíochta agus iascaigh le deaiseanna sonracha chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar bia agus ar shlándáil bia agus, i bhfianaise na nascachta leis na margaí idirnáisiúnta, ar ról tábhachtach Chóras Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS).

15. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil rún ag EFSCM moltaí a fhorbairt maidir le bealaí chun feabhas a chur ar éagsúlacht na bhfoinsí soláthair idir slabhraí soláthair bia níos giorra agus cinn fhada agus maidir le treoirlínte do chumarsáid ghéarchéime i ndáil le soláthar bia agus slándáil bia, **ADMHAÍONN SÍ** ag an am céanna a thábhachtaí atá trádáil idirnáisiúnta atá oscailte trédhearcach riailbhunaithe agus comhbheartas talmhaíochta atá dírithe ar an margadh i ndáil leis sin agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an modh a nochtadh chun moltaí den sórt sin a dhréachtú i gcruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe.

16. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil rún ag an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar ról na dteicneolaíochtaí faisnéise chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, go háirithe tráth géarchéime, agus **AONTAÍONN SÍ** go bhfuil sé tairbheach freisin líonra comhfhreagraithe a chruthú ó na heagraíochtaí ábhartha san earnáil phríobháideach agus na bearta is gá á ndéanamh chun faisnéis íogair a chosaint.

---

[2] Aithnítear cás na réigiún is forimeallaí in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

17. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá cumarsáid straitéiseach agus cumarsáid géarchéime feabhsaithe agus **ADMHAÍONN SÍ** gur den tábhacht é faisnéis a roinnt, mar shampla trí thuairisciú tréimhsiúil a dhéanamh ar staid na hullmhachta, lena n-áirítear an comhthéacs domhanda, agus gníomhaíochtaí EFSCM d'institiúidí an Aontais, agus measúnú na mBallstát i ndáil leis an tslándáil á urramú ag an am céanna.

18. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thábhachtaí atá sé cumarsáid luath rialta thrédhearcach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal chun bréagaisnéis agus cúbláil faisnéise a sheachaint agus chun muinín an phobail a áirithiú.